C/2025/2814

21.5.2025

Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas ar leasú caighdeánach ar an tsonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2025/2814)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ([1]).

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

‘Alpes-Maritimes’

PGI-FR-A1148-AM03

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS NA CÚISEANNA LEIS

1. Limistéar geografach agus limistéar díreach in aice láimhe

I gCaibidil I den tsonraíocht táirge, forlíonadh pointe 4 – Limistéar geografach agus limistéar díreach in aice láimhe – le tagairt don Chód Geografach Oifigiúil, lena n-aithnítear agus lena liostaítear na bardais de réir roinne ar an leibhéal náisiúnta. Leis an leasú eagarthóireachta sin, is féidir an limistéar geografach a atáirgeadh, gan aon athrú, mar liosta de bhardais agus an limistéar geografach a aithint le tagairt do leagan 2020 den Chód Geografach Oifigiúil, a fhoilsíonn an Institiúid Náisiúnta Staidrimh agus Staidéar Eacnamaíoch (INSEE) agus lena dtugtar deimhneacht dhlíthiúil don sainmhíniú ar an limistéar geografach agus an limistéar díreach in aice láimhe.

Tá an tagairt chéanna agus liosta na mbardas nuashonraithe curtha isteach sa doiciméad aonair faoi na ceannteidil ‘Limistéar geografach’ agus ‘Limistéar díreach in aice láimhe’.

2. Cineálacha fíniúna

I gCaibidil I den tsonraíocht táirge – pointe V – Cineálacha fíniúna – d’iarr an comhlacht cosanta agus bainistíochta go gcuimsítear na cineálacha seo a leanas:

— cineálacha atá frithsheasmhach in aghaidh coincleach chlúmhach agus coincleach phúdrach:

Muscaris B, Soreli B, Souvignier Gris B, Artaban N, Floréal B, Vidoc N, Voltis B, Monarch N, Prior N, Solaris B, Sauvignac B agus Lilaro N.

— cineálacha atá frithsheasmhach in aghaidh triomaigh:

Assyrtiko B, Verdejo B, Xinomavro N, Xarello B, Nero d’Avola N, Agiorgitiko N agus Moschofilero Rs.

Tá saintréithe fiseolaíocha agus fíoneolaíocha iontu atá ar aon dul le saintréithe na gcineálacha a úsáidtear i dtáirgeadh an TGFC, agus laghdaíonn na cineálacha sin an gá le táirgí cosanta plandaí. Ní dhéanann siad difear do shaintréithe orgánaileipteacha fhíonta TGFC.

Tugadh an roinn ‘Cineálacha fíonchaor’ den doiciméad aonair cothrom le dáta.

3. Comhlacht cigireachta

Leasaíodh Caibidil III den tsonraíocht le haghaidh an tásc geografach faoi chosaint ‘Alpes-Maritimes’ chun an roinn dar teideal ‘Comhlacht cigireachta’ a shimpliú, ag sonrú gur gá comhlíontacht leis an tsonraíocht táirge a sheiceáil ar bhonn plean rialaithe formheasta agus trí chomhlacht tríú páirtí tarmligthe ag INAO agus ráthaíochtaí maidir le inniúlacht, neamhchlaontacht agus neamhspleáchas a thairiscint.

Ní dhéanann an simpliú sin difear don doiciméad aonair.

([1]) IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Alpes-Maritimes

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

TGFC - tásc geografach faoi chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

5. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 22 — DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 — fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

1. *Fíonta socra dearga, fíonta socra rosé agus fíonta socra geala*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Áirítear leis na fíonta atá incháilithe chun an tásc geografach faoi chosaint 'Alpes-Maritimes' a bheith orthu, fíonta socra dearga, fíonta socra rosé agus fíonta socra geala. Tá neart alcóil iarbhír íosta 9 % de réir toirte ag fíonta socra ar a bhfuil an tásc geografach faoi chosaint 'Alpes-Maritimes'. I gcás fíonta socra, beidh na luachanna tairsí nó teorainnluacha maidir le neart alcóil iarbhír (fíonta súilíneacha amháin), neart alcóil iomlán, aigéadacht iomlán, aigéadacht luaineach, dé-ocsaíd sulfair iomlán agus dé-ocsaíd charbóin (fíonta súilíneacha amháin) faoi mar a bunaíodh i reachtaíocht AE. Is iondúil go mbíonn na fíonta dearga tainneach, sofaisticiúil agus cumhachtach. Bíonn réimse dathanna orthu ó dhath an rúibín go dath an ghairnéid a mbaineann imireacha corcra leo. Bíonn na fíonta rosé bláthach nó torthaíoch agus spíosrach, struchtúrtha sa bhéal ag brath ar na cumaisc a úsáidtear, agus bíonn úire ag baint leo ó na cineálacha Grenache N agus Cinsault N go príomha. Bíonn dath bándearg geal agus imireacha dhath an bhradáin orthu. Is iad dea-bholaithe bláthacha agus citris go háirithe saintréithe na bhfíonta geala casta galánta. Bíonn siad mín, torthaíoch agus bríomhar, agus dath buí éadrom orthu le himireacha glasa nó dath geal agus glé an óir orthu.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) —

— Aigéadacht iomlán íosta: —

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) —

2. *Fíon súilíneach ar ardchaighdeán*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Áirítear leis na fíonta atá incháilithe chun an tásc geografach faoi chosaint 'Alpes-Maritimes' a bheith orthu, fíonta súilíneacha dearga, fíonta súilíneacha rosé agus fíonta súilíneacha geala ar ardchaighdeán. Sna fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán, bíonn bolgáin mhíne ghalánta, úire thaitneamhach agus dea-bholadh a thugann bláthanna nó torthaí chun cuimhne, ag brath ar na cineálacha atá sa mheascán. Táirgtear fíonta súilíneacha rosé ar ardchaighdeán ó Grenache N agus Mourvèdre N den chuid is mó agus táirgtear fíonta súilíneacha geala ar ardchaighdeán ó Vermentino B agus Sémillon B. Tá siad torthaíoch agus bláthach agus tá saintréithe orgánaileipteacha acu atá cosúil le saintréithe orgánaileipteacha na bhfíonta socra. I gcás fíonta socra, beidh na luachanna tairsí nó teorainnluacha maidir le neart alcóil iarbhír (fíonta súilíneacha amháin), neart alcóil iomlán, aigéadacht iomlán, aigéadacht luaineach, dé-ocsaíd sulfair iomlán agus dé-ocsaíd charbóin (fíonta súilíneacha amháin) faoi mar a bunaíodh i reachtaíocht AE.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) —

— Aigéadacht iomlán íosta: —

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

Ní mór na cleachtais fhíoneolaíocha uile a bheith i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus sa Chód Tuaithe agus Iascaireachta Muirí.

5.2. *Uastáirgeacht*

120 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Déantar na fíonchaora a bhaint agus fíonta TGFC 'Alpes-Maritimes' a tháirgeadh agus a fhorbairt laistigh de na bardais uile a áirítear i roinn Alpes-Maritimes i gcomhréir le Cód Geografach Oifigiúil 2020.

7. **Cineál (nó cineálacha) fíonchaor**

Agiorgitiko N

Alicante Henri Bouschet N

Aligoté B

Altesse B

Aramon N

Aramon blanc B

Aramon gris G

Aranel B

Arbane B

Arinarnoa N

Arriloba B

Arrouya N

Artaban N

Assyrtiko B

Aubin B

Aubin vert B

Aubun N – Murescola

Auxerrois B

Bachet N

Barbaroux Rs

Baroque B

Biancu Gentile B

Blanc Dame B

Bouchalès N

Bouillet N

Bouquettraube B

Bourboulenc B - Doucillon blanc

Brachet N – Braquet

Brun Fourca N

Brun argenté N – Vaccarèse

Béclan N – Petit Béclan

Béquignol N

Cabernet blanc B

Cabernet franc N

Cabernet Sauvignon N

Caladoc N

Calitor N

Camaralet B

Carcajolo N

Carcajolo blanc B

Carignan N

Carignan blanc B

Carménère N

Castets N

Chardonnay B

Chasan B

Chatus N

Chenanson N

Chenin B

Cinsaut N - Cinsault

Clairette B

Clairette rose Rs

Clarin B

Claverie B

Codivarta B

Colombard B

Colombaud B – Bouteillan

Corbeau N - Douce noire

Côt N - Malbec

Couderc noir N

Counoise N

Courbu B – Gros Courbu

Courbu noir N

Couston N

Crouchen B – Cruchen

César N

Duras N

Durif N

Egiodola N

Ekigaïna N

Elbling B

Etraire de la Dui N

Fer N - Fer Servadou, Braucol, Mansois, Pinenc

Feunate N

Floreal B

Folignan B

Folle Blanche B

Fuella Nera N

Furmint B

Gamaret

Gamay N

Gamay de Bouze N

Gascon N

Genovèse B

Gewürztraminer Rs

Goldriesling B

Gouget N

Graisse B

Gramon N

Grassen N – Grassenc

Grenache N

Grenache blanc B

Grenache gris G

Gringet B

Grolleau N

Grolleau gris G

Gros Manseng B

Joubertin

Jurançon blanc B

Jurançon noir N - Dame noire

Knipperlé B

Lauzet B

Lilaro N

Liliorila B

Listan B – Palomino

Lledoner pelut N

Macabeu B - Macabeo

Mancin N

Manseng noir N

Marsanne B

Marselan N

Maréchal Foch N

Mauzac B

Mauzac rose Rs

Mayorquin B

Melon B

Merlot N

Merlot blanc B

Meslier Saint-François B – Gros Meslier

Meunier N

Milgranet N

Molette B

Mollard N

Monarch N

Mondeuse N

Mondeuse blanche B

Monerac N

Montils B

Morrastel N - Minustellu, Graciano

Moschofilero Rs

Mourvaison N

Mourvèdre N - Monastrell

Mouyssaguès

Muresconu N – Morescono

Muscadelle B

Muscardin N

Muscaris B

Muscat Ottonel B – Muscat, Moscato

Muscat cendré B – Muscat, Moscato

Muscat d'Alexandrie B - Muscat, Moscato

Muscat de Hambourg N - Muscat, Moscato

Muscat à petits grains blancs B – Muscat, Moscato

Muscat à petits grains roses Rs – Muscat, Moscato

Muscat à petits grains rouges Rg - Muscat, Moscato

Mérille N

Müller-Thurgau B

Nero d'avola N

Nielluccio N - Nielluciu

Noir Fleurien N

Négret de Banhars N

Négrette N

Oberlin noir N

Ondenc B

Orbois B

Pagadebiti B

Pascal B

Perdea B

Persan N

Petit Courbu B

Petit Manseng B

Petit Meslier B

Petit Verdot N

Picardan B - Araignan

Pineau d'Aunis N

Pinot blanc B

Pinot gris G

Pinot noir N

Piquepoul blanc B

Piquepoul gris G

Piquepoul noir N

Plant de Brunel N

Plant droit N - Espanenc

Portan N

Portugais bleu N

Prior N

Prunelard N

Précoce Bousquet B

Précoce de Malingre B

Raffiat de Moncade B

Riesling B

Riminèse B

Rivairenc N - Aspiran noir

Rivairenc blanc B – Aspiran blanc

Rivairenc gris G – Aspiran gris

Rosé du Var Rs

Roublot B

Roussanne B

Roussette d'Ayze B

Sacy B

Saint Côme B

Saint-Macaire N

Saint-Pierre doré B

Sauvignac B

Sauvignon B - Sauvignon blanc

Sauvignon Gris G - Fié gris

Sciaccarello N

Segalin N

Seinoir N

Select B

Semebat N

Semillon B

Servanin N

Solaris B

Soreli B

Souvignier gris B

Sylvaner B

Syrah N - Shiraz

Tannat N

Tempranillo N

Terret blanc B

Terret gris G

Terret noir N

Tibouren N

Tourbat B

Tressot N

Téoulier N

Ugni blanc B

Valdiguié N

Varousset N

Velteliner rouge précoce Rs

Verdejo B

Verdesse B

Vermentino B - Rolle

Vidoc N

Villard blanc B

Villard noir N

Viognier B

Voltis B

Xarello B

Xinomavro N

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

8.1. *Sainiúlacht an limistéir gheografaigh agus an táirge*

Suite in oirdheisceart na Fraince, i réigiún Provence-Alpes-Côte d'Azur, agus ar theorainn na Meánmhara, cumhdaíonn limistéar geografach an táisc gheografaigh faoi chosaint 'Alpes-Maritimes' roinn iomlán Alpes-Maritimes. Tá tírdhreacha an-éagsúil mar shaintréith aici go príomha. Tá limistéar talmhaíochta na roinne sin teoranta agus suite gar do stráice an chósta, áit a bhfuil iomaíocht láidir ann don talamh, chomh maith le sna gleannta, atá ag dul suas i dtreo na sléibhte, agus ar na fánaí is mó atá nochtadh. De ghnáth bíonn fíniúnacha agus crainn olóige araon ar na fánaí sin, toisc gur mó a úsáidtear na gleannta chun bláthanna nó torthaí agus glasraí a fhás.

Táirgtear an tásc geografach faoi chosaint 'Alpes-Maritimes' i limistéar beag fíonghort (níos lú ná 50 heicteár) atá roinnte ina bpíosaí talún níos mó agus níos lú (i mbardais Nice, Saint-Jeannet agus Saint-Paul-de-Vence) atá dáilte i measc gabháltais bheaga.

Is éard atá sna fíonghoirt sin, atá suite i gcroílár Provence na nAlp, ar theorainn thoir limistéar Provence cailcreach, na fíonghoirt in Nice agus i dtimpeallacht Nice go príomha. Tá fo-ithir na bhfíonghort sin ag dul siar go dtí an 'réabhlóid Phléicéineach', as ar eascair an fharraige mhór sin nuair a d'aistrigh Provence i dtreo an deiscirt. Tá na sil-leagain dríodair a eascraíonn as sin cumhdaithe le sraitheanna tiubha comhcheirtleán ar a dtugtar 'comhcheirtleáin dheilt Phléicéineach an Var'. Cruthaíodh na tírdhreacha sa tréimhse Cheathartha, nuair a d'aistrigh Provence arís – an uair seo i dtreo an iarthair – rud a bhrúigh na comhcheirtleáin sin suas airde 600 m. Sin mar a tháinig na fánaí géara chun cinn.

Is éard atá sna hithreacha a chruthaigh na foirmíochtaí sin clocha cumaisc gainimh aoil agus clocha cruinne ó chreimeadh na buaice Alpaí in aice láimhe. Eisceacht mhór amháin is ea ithreacha dolaimíteacha, cré-aolchloiche, ar mhórán maignéisiam in Oileáin Lérins.

Cuirtear na fíonghoirt ag airde suas le 400 méadar, beagnach go heisiach ar fhánaí a bhfuil a n-aghaidh thuaidh-theas, agus is annamh a chuirtear iad ar ardchláir bharr na gcnoc. Tá a n-aghaidh ó dheas nó siar agus fásann siad ar dháileachtaí talún a roghnaítear go cúramach chun na fíonchaora a bhuain. Tá na fíniúnacha fréamhaithe i léibhinn bhinse chúnga de dhéantús an duine, nó i 'restanques', arb iad atá iontu clocha cruinne atá measctha le gaineamh garbh an-éadrom (cloch chumaisc) ina bhfuil féitheacha cré.

Is é 830 mm an mheánbháisteach bhliantúil, le neart gréine, suas le 2 820 uair an chloig in aghaidh na bliana.

Tá Gleann Var ríthábhachtach sa gcur síos ar an aeráid a dhéanann difear do na fíniúnacha. Fágann an gleann go n-imshruthaíonn an ghaoth de réir threo na bhfánaí, agus leis sin bíonn na fíonghoirt faoi ghaotha an tuaiscirt agus iad ag séideadh ó na hAlpa le linn na hoíche agus cuid den mhaidin, agus ansin faoi leoithní farraige ón oirthear ag deireadh an lae. Cé go bhfuil cothromaíocht eacnamaíoch na ngabháltas ag brath go páirteach ar an ngá atá leis na cineálacha fíniúna uile atá in ann cumaisc bhunaidh a tháirgeadh agus na margaí a shásamh a chur, ceann de shaintréithe an táisc gheografaigh faoi chosaint sin mian na ndéantóirí fíona cineálacha fíniúna áitiúla a chaomhnú, amhail Braquet N, Fuella Nera N, Grassen N agus Mourvaison N, chun fíonta dearga a dhéanamh. Tá fíonta ó na cineálacha Braquet N agus Fuella Nera N an-oiriúnach don aosú. Ina theannta sin, tá cumaisc de chineálacha fíniúna ann atá coiteann don chuid eile de Provence bunaithe ar Mourvèdre N, Cinsault N, Carignan N, fiú Grenache N nó Alicante N.

Trí úsáid a bhaint as an rogha sin de chineálacha fíonchaor 'dubh', táirgeann eastáit fíona fíonta dearga tainneacha, sofaisticiúla agus cumhachtacha.

Déantar na fíonta rosé as cumaisc a tháirgeann fíonta bláthacha nó torthaíocha agus spíosracha atá struchtúrtha sa bhéal ach a bhíonn deas úr i gcónaí.

Tá na fíonta geala, a dhéantar go príomha as cineál Vermentino B, ar a dtugtar 'rolle' go háitiúil, casta agus galánta, le dea-bholaithe bláthacha agus citris. Is minic a oireann siad go maith don aosú. Féadfar cineálacha fíniúna eile a úsáid freisin, amhail Roussanne B, Clairette B, Bourboulenc B agus Chardonnay B.

Táirgtear fíonta súilíneacha rosé ar ardchaighdeán ó Grenache N agus Mourvèdre N den chuid is mó agus táirgtear fíonta súilíneacha geala ar ardchaighdeán ó Vermentino B agus Sémillon B. Tá siad torthaíoch agus bláthach agus tá saintréithe orgánaileipteacha acu atá cosúil le saintréithe orgánaileipteacha na bhfíonta socra.

8.2. *Nasc cúisíoch*

Tá na fíonghoirt sin an-suntasach mar gheall ar a dtimpeallacht gheografach agus a dtírdhreacha éagsúla agus codarsnachta ó chósta na Meánmhara go dtí na sléibhte arda. Tugann siad le chéile saintréithe fíonghoirt i Provence agus tionchair áirithe ón taobh ó thuaidh. Déanann an fharraige agus na sléibhte, an ghrian agus an ghaoth fhuar, agus na codarsnachtaí suntasacha idir a n-aghaidh a bheith ó thuaidh agus ó dheas difear do na fíniúnacha, do na crainn olóige agus do dhaoine araon.

Na fánaí dea-nochta, na hithreacha a fhágann go bhfuil draenáil mhaith ann a spreagann bunú agus fás na fíniúna agus a thugann cosaint don fhíniúin ag an am céanna ar an damáiste a dhéanann stoirmeacha samhraidh, an aimsir ghrianmhar agus ghaofar a fhágann go dtarlaíonn aibiú maith agus a thugann cosaint ar ghalair chrioptagamacha – cuireann siad sin uile le forbairt an fhíonghoirt. Cumasaíonn na saintréithe aeráide aibiú mall, rud atá fíor-riachtanach go háirithe maidir le húire agus galántacht na bhfíonta geala, na bhfíonta rosé agus na bhfíonta súilíneacha. Is iad is bun le carachtar cumhachtach tainneach na bhfíonta dearga freisin.

Thairis sin, thairbhigh bunú na bhfíniúnacha de shuíomh na bhfánaí, ós rud é go bhfuil siad sách fada ón gcósta chun ionraí ó bharbaraigh a dhíspreagadh ach fós sách gar don fharraige chun go bhféadfaí trádáil a fhorbairt.

Dá bhrí sin, d'ainneoin iomaíocht ó bharra eile agus, go háirithe, saothrú lus na gile Nice, a bhí an-bhrabúsach tar éis an Dara Cogadh Domhanda, tháinig borradh faoi na fíonghoirt arís de réir a chéile a bhuí le diongbháilteacht roinnt teaghlach fíonsaothrúcháin, a bhí in ann seanchineálacha áitiúla an-sainiúil a chaomhnú a bhí oiriúnaithe go maith don limistéar.

Tá dosaen gabháltas teaghlaigh, a bheag nó a mhór, ag leanúint le fíonóireacht ar Côte d'Azur. Táirgeann siad thart ar 600 go 700 hl d'fhíon socair in aghaidh na bliana, ar fíonta dearga iad 50 % díobh, ar fíonta geala iad 35 % díobh agus ar fíonta rosé iad 15 % díobh. Tá a gcáilíocht aitheanta ó bhí 1979 ann faoin ainmníocht 'Vin de Pays'. Táirgtear 3 000-4 000 buidéal fíona shúilínigh san iomlán gach bliain.

Tá a bhféiniúlacht féin léirithe ag fíonta ar a bhfuil an tásc geografach faoi chosaint agus tá cáil mhór orthu; is cruthúnas iontach air sin iad na fíonta aitheanta ardcháilíochta a tháirgeann manaigh Lérins. Is léir cáil fhíonta Alpes-Maritimes i sláinte eacnamaíoch fhónta an táirgthe sin, a ndéantar 70 % de a mhargú ar an leibhéal réigiúnach, ar phraghsanna brabúsacha EUR 8 go 10 in aghaidh an bhuidéil le custaiméirí ar turasóirí iad den chuid is mó, agus díoltar 20 % sa bhaile agus onnmhairítear 10 %.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Féadfar ainm cineáil fíonchaoire amháin nó níos mó a chur leis an tásc geografach faoi chosaint 'Alpes-Maritimes'.

Féadfar na téarmaí 'primeur' (luath) nó 'nouveau' (nua) a chur leis an tásc geografach faoi chosaint 'Alpes-Maritimes'.Forchoimeádtar na téarmaí 'primeur' (luath) agus 'nouveau' (nua) d'fhíonta socra amháin.

Caithfidh lógó TGFC an Aontais Eorpaigh a bheith ar an lipéad má chuirtear an téarma traidisiúnta 'Vin de Pays' in ionad 'Indication géographique protégée' ('tásc geografach faoi chosaint').

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Sa limistéar díreach in aice láimhe, arna shainiú ag maolú maidir le táirgeadh agus forbairt fíonta ag a bhfuil tásc geografach faoi chosaint 'Alpes-Maritimes', cuimsítear na bardais seo a leanas a bhfuil teorainn acu leis an limistéar geografach i gcomhréir le Cód Geografach Oifigiúil 2020:

san iardheisceart, na bardais seo a leanas ar theorainn roinn Var:

Les Adrets-de-l'Estérel, Ampus, Les Arcs, Bagnols-en-Forêt, Bargème, Bargemon, La Bastide, Le Bourguet, Brenon, Callas, Callian, Cavalaire-sur-Mer, Châteaudouble, Châteauvieux, Claviers, Cogolin, Comps-sur-Artuby, La Croix-Valmer, Draguignan, Fayence, Figanières, Flayosc, Fréjus, La Garde-Freinet, Gassin, Grimaud, Lorgues, La Martre, La Môle, Mons, Montauroux, Montferrat, La Motte, Le Muy, Le Plan-de-la-Tour, Puget-sur-Argens, Ramatuelle, Rayol-Canadel-sur-Mer, Roquebrune-sur-Argens, La Roque-Esclapon, Saint-Antonin-du-Var, Sainte-Maxime, Saint-Paul-en-Forêt, Saint-Raphaël, Saint-Tropez, Salernes, Seillans, Sillans-la-Cascade, Tanneron, Taradeau, Tourrettes, Trans-en-Provence, Trigance agus Vidauban;

san iarthar, na bardais seo a leanas ar theorainn roinn Alpes de Haute-Provence:

Allons, Allos, Angles, Annot, Barcelonnette, Beauvezer, Braux, Castellane, Castellet-lès-Sausses, Colmars, La Condamine-Châtelard, Demandolx, Enchastrayes, Entrevaux, Faucon-de-Barcelonnette, Le Fugeret, La Garde, Jausiers, Lambruisse, Le Lauzet-Ubaye, Méailles, Moriez, La Mure-Argens, Méolans-Revel, Peyroules, Pontis, La Rochette, Rougon, Saint-André-les-Alpes, Saint-Benoît, Saint-Julien-du-Verdon, Saint-Paul-sur-Ubaye, Saint-Pierre, Saint-Pons, Sausses, Soleilhas, Thorame-Basse, Thorame-Haute, Les Thuiles, Ubaye-Serre-Ponçon, Ubraye, Uvernet-Fours, Val-de-Chalvagne, Val d'Oronaye, Vergons agus Villars-Colmars.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/gedei/site/bo-agri/document_administratif-21d7b276-d069-4cd5-84ee-9bb99da97e7c